Cúntóir Eagarthóireachta Taighde
Post ar conradh – suas le 11 mí ó thús mhí Iúil 2019

Tá Cúntóir Eagarthóireachta Taighde ar conradh á earcú ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. I measc na dtionscadal taighde atá faoi chúram fhoireann Gaois faoi láthair, tá www.téarma.ie, www.logainm.ie, www.ainm.ie, www.dúchas.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus www.gaois.ie. Beidh an cúntóir eagarthóireachta taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Riachtanais:

- Bunchéim onóracha sa Ghaeilge (2.1 i ngné na Gaeilge)
- Cáilíocht iarchéime i réimse ábhartha agus/nó taithí ghairmiúil bheith ag obair trí Ghaeilge i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde
- Ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge scríofa
- Bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus spriocanna a chomhlíonadh
- Scileanna láidre cumarsáide

Inmhianaithe:

- Taithí riaracháin

Tuarastal ar an scála:*
€28,423–€29,248–€30,092–€30,941–€31,817–€32,404
* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé:
An Dr Úna Bhreathnach (01-700 8083); una.bhreathnach@dcu.ie

Iarratais:
Ba chóir (i) litir iarratais **i nGaeilge**, ina míneofar cén fáth a bhfuil suim ag an iarrthóir sa phost, agus (ii) CV **i nGaeilge** a chur chuig una.bhreathnach@dcu.ie faoi mheán lae, **Dé Céadaoin, an 22 Bealtaine.**

Reáchtálfar agallaimh ar Champas na Naomh Uile an tseachtain dar tús an 3 Meitheamh.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá cuid de na tionscadail thuas á bpáirtmhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.